# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 6

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** an 24 Márta 2025

**Am:** 11.00r.n. go 3.30i.n.

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu. |
| **Nuashonruithe ón bhFeidhmeannas** | Thug an Feidhmeannas nuashonrú ar an bpróiseas comhairliúcháin, ag dearbhú an ullmhúcháin don dréacht deireanach chomh maith le tacaíocht láidir a thuairisciú maidir le treo an ábhair a chur in iúl, le tacaíocht ar leith ann don fhoghlaim phraiticiúil, litearthacht dhigiteach, agus príomhréimsí téamacha, chomh maith le cúiseanna imní maidir le hacmhainní, leithdháileadh ama. Bhí scoilt ann maidir leis na tuairimí ar an gcomhpháirt teicstíle. |
| **Réasúnaíocht agus Aidhmeanna** | D'aontaigh an mheitheal go raibh an réasúnaíocht agus na haidhmeanna athbhreithnithe ag teacht leis an bplé a bhí ann roimhe, rud a léiríonn béim phraiticiúil an ábhair a bhíonn ag athrú i gcónaí. Leag baill béim ar an tábhacht atá le bheith seasmhach i leith thodhchaí an churaclaim agus an tábhacht atá ag baint leis na héilimh chognaíochta a bhaineann leis an bhfoghlaim fheidhmeach, go háirithe an bhaint atá aici le smaointeoireacht ardoird. |
| **Torthaí Foghlama** | Chuir an Feidhmeannas an dréacht tosaigh de na Torthaí Foghlama i láthair, ag cur fáilte roimh aiseolas agus ag soiléiriú go mbeadh forbairt chomhoibríoch déanta ar an leagan deiridh. I measc na bpríomhphointí a tháinig aníos, airíodh an gá atá ann le snáithe aontaitheach, idirdhealú idir na leibhéil, agus le hathrá ábhair nach bhfuil gá leis a sheachaint. Chomh maith leis sin, rinne an mheitheal plé ar leibhéal cognaíoch na dtorthaí, chomh maith le cúiseanna imní maidir le soláthar múinteoirí amach anseo, agus na himpleachtaí atá ag baint le critéir chlárúcháin athbhreithnithe an mhúinteora, go háirithe i leith teicstílí. Leagadh béim ar an tábhacht atá ag baint le príomhinniúlachtaí teagaisc a choinneáil agus le féiniúlacht ghairmiúil an ábhair a chur in iúl go soiléir. |

| | |
|---|---|
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: An 2 Bealtaine 2025** |